Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2022
(OR. en)

10699/22
PV CONS 46
TRANS 447
TELECOM 297
ENER 335

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

27 Meitheamh 2022

# CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ........ 3

2. Formheas na míreanna 'A' ........ 3
   (a) Liosta neamhreachtach
   (b) Liosta reachtach

**Plé reachtach**

3. An pacáiste 'Oiriúnach do 55' (tionscnaimh reachtacha chun sprioc aeráide 2030 a chur chun feidhme): ........ 5
   (a) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (athmhúnlú)
   (b) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite

4. Rialachán maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh ........ 5

5. Athbhreithniú ar an Treoir maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ........ 5

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. An staid fuinnimh san Aontas i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin ........ 5

**Aon ghnó eile**

7. (a) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair ........ 6
   (b) Na forbairtí is déanaí sa chaidreamh seachtrach i réimse an fhuinnimh ........ 6
   (c) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta ........ 6

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ........ 7


***

## 1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10443/22.

## 2. Formheas na míreanna 'A'

### (a) Liosta neamhreachtach — 10444/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 10444/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Iompar

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ullmhúchán don 41ú seisiún de Thionól na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO)<br>(Montréal, an 18 Meán Fómhair go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2022)<br>*Formheas*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 22 Meitheamh 2022 | | 10057/22<br>+ ADD 1-9<br>**+ ADD 2 COR 1 (pl)**<br>**+ ADD 3 COR 1 (pl)**<br>**+ ADD 4 COR 1 (pl)**<br>**+ ADD 5 COR 1 (pl)**<br>**+ ADD 6 COR 1 (pl)**<br>**+ ADD 7 COR 1 (pl)**<br>AVIATION |
| 3. | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear an comhaontú i ndáil le hiompar earraí de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24 Meitheamh 2022 | C | 10148/22<br>**10152/22**<br>10409/22<br>TRANS |
| 4. | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear an comhaontú i ndáil le hiompar earraí de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24 Meitheamh 2022 | C | 10147/22<br>**10151/22**<br>10407/22<br>TRANS |

**(b)** **Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 10445/22

Fuinneamh

1. **An Rialachán maidir le Stóráil Gáis** ❶C 10563/22 PE-CONS 24/22 ENER
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 22 Meitheamh 2022

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE).

Ceartas agus Gnóthaí Baile

2. **An Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS)** ❶C 10187/22 PE-CONS 16/22 SIRIS
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 20 Meitheamh 2022

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 88(2)(a) CFAE).

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. An pacáiste 'Oiriúnach do 55' (tionscnaimh reachtacha chun sprioc aeráide 2030 a chur chun feidhme):** ❶C

**a) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (athmhúnlú)** 10490/22
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta, ar bhonn na dtéacsanna a cuireadh faoi bhráid na Comhairle arna gcomhlánú le doiciméad seomra ón Uachtaránacht, mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí, 10697/22. Tá ráiteas ó thoscaireacht na Bulgáire (10743/22) agus ráiteas ó thoscaireacht na Fionlainne (10717/22) i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**(b) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite** 10488/22
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta, ar bhonn na dtéacsanna a cuireadh faoi bhráid na Comhairle. Tá ráiteas ó thoscaireacht na Spáinne (10742/22) chomh maith le ráiteas comhpháirteach ó thoscaireachtaí na Gearmáine, Lucsamburg, na Polainne, na Portaingéile agus na Slóivéine (10740/22) i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**4. Rialachán maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh** ❶C 10161/22
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis an togra seo.

**5. Athbhreithniú ar an Treoir maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh** ❶C 9894/22
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis an togra seo.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. An staid fuinnimh san Aontas i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin 9898/22
*Malartú tuairimí*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**7. (a) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**An Rialachán maidir le Stóráil Gáis** ❶Ⓒ 7406/22 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(b) Na forbairtí is déanaí sa chaidreamh seachtrach i réimse an fhuinnimh 10259/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia*

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 10443/22</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3a ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **An pacáiste 'Oiriúnach do 55' (tionscnaimh reachtacha chun sprioc aeráide 2030 a chur chun feidhme):**<br>**Athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (athmhúnlú)**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

'Tá ról tábhachtach i gcónaí ag éifeachtúlacht fuinnimh in iarrachtaí na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035. Tá ár sprioc i ndáil le neodracht carbóin níos uaillmhianaí ná sprioc an Aontais. Chun an sprioc a bhaint amach faoi 2035, tá gá le méadú sealadach ar thomhaltas leictreachais atá saor ó astaíochtaí. Ar an drochuair, ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach sa togra le haghaidh cur chuige ginearálta, go háirithe Airteagal 4, saintréithe speisialta na mBallstát.

Ar na cúiseanna sin, ní féidir leis an bhFionlainn tacú leis an dréachtchur chuige ginearálta sin. Vótálann an Fhionlainn ina choinne.'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE**
**maidir leis an leagan Béarla den Treoir**

'Is den mhórthábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, agus leanfaidh sí de bheith tiomanta dóibh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ina theannta sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil nach bhféadfaí, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, breathnú ar choincheap an ghnéis a úsáidtear sa Bhunreacht, ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch (fir agus mná).

Ní chuireann Poblacht na Bulgáire i gcoinne cur chuige ginearálta a ghlacadh i ndáil leis an dréacht-Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ach, maidir leis na téarmaí 'gnéas' agus 'inscne' in aithris 99 a úsáid go comhuaineach, fógraíonn sí, i gcomhréir leis na cinntí thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, nach nglacann sí le haon **idirdhealú idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar thógán sóisialta**. '

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3b ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **An pacáiste 'Oiriúnach do 55' (tionscnaimh reachtacha chun sprioc aeráide 2030 a chur chun feidhme):**<br>**Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN nGEARMÁIN, Ó LUCSAMBURG, ÓN bPOLAINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Tá comhthuiscint ag an nGearmáin, ag Lucsamburg, ag an bPolainn, ag an bPortaingéil agus ag an tSlóivéin go bhfillfidh an Chomhairle, mar ábhar tosaíochta faoi Uachtaránacht na Seicia, ar na saincheisteanna a ardaíodh sa pháipéar leathoifigiúil ón nGearmáin agus i dtograí ón gCoimisiún i dtaca le RepowerEU faoi cheadanna a dheonú.

Sa chomhthéacs sin, ba mhaith linn a chur i dtreis nach bhfuilimid ag tacú leis an bhforáil in Airteagal 15(8b) lena bhforáiltear go measfar foinsí inathnuaite agus an bonneagar eangaí lena mbaineann a bheith chun leasa an phobail go sáraitheach agus go bhfuil siad ag freastal ar shábháilteacht an phobail, go bhfuil sí teoranta do na trí Threoir a luaitear sa leagan reatha de théacs an chur chuige ghinearálta. Ní mór feidhm a bheith ag an bhforáil freisin maidir le forálacha ábhartha eile chun leasanna dlíthiúla a chothromú sna nósanna imeachta pleanála agus deonaithe ceadanna.

Má tá an tAontas chun spriocanna uaillmhianacha maidir le fuinneamh inathnuaite a bhaint amach faoi 2030, ní mór a mheas gur ar mhaithe le leas an phobail ar bhonn níos leithne atá foinsí inathnuaite fuinnimh agus an bonneagar eangaí lena mbaineann. Ní mór tuilleadh measúnaithe agus plé críochnúil a dhéanamh ar an réasúnú dlíthiúil atá taobh thiar de leas sáraitheach an phobail a theorannú go dtí airteagail shonracha.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Cuireann an Spáinn i dtreis a thábhachtaí atá an comhartha láidir polaitiúil arna thabhairt le glacadh chur chuige ginearálta na Comhairle i ndáil leis an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite faoi Uachtaránacht na Fraince. Is céim thábhachtach é sin i dtreo spriocanna agus ghealltanais uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, agus dlús a chur leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú ag an am céanna.

Is díol sásaimh don Spáinn comhartha soiléir gur cheart dlús a chur le dícharbónú an mhuiriompair, lena n-áirítear buncaeireacht mhuirí idirnáisiúnta. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú leis an bpróiseas sin go mbeidh sé comhleanúnach le prionsabail ríthábhachtacha an phacáiste 'Oiriúnach do 55': sceitheadh carbóin a sheachaint, dífhoraoisiú a chomhrac agus slándáil bia a sheachadadh.

I ndáil leis an méid sin, is oth leis an Spáinn ábhar aithris 29a agus Airteagal 27.1b sa téacs maidir leis an bhfuinneamh a ídítear sa mhuiriompar, lena n-áirítear buncaeireacht idirnáisiúnta, a bhreithniú chun an sprioc maidir le fuinneamh inathnuaite in earnáil an iompair a ríomh. Dá leathnófaí raon feidhme na sprice cainníochtúla sin chuig an muiriompar, is dócha go mbeidh éifeachtaí iarmharta míchuibhiúla ann nach ndearnadh measúnú leordhóthanach orthu.

Is dúshlán é an bhuncaeireacht mhuirí idirnáisiúnta a dhícharbónú do gheilleagair an Aontais mar gheall ar an ardriosca sceite carbóin in earnáil atá faoi réir dianiomaíocht le tríú tíortha. Ina theannta sin, bheadh lear ollmhór bithbhreoslaí, go háirithe bithbhreoslaí den chéad ghlúin neamh-inbhuanaithe, ag teastáil chun breoslaí a athrú go tapa faoi 2030, rud a bhainfeadh an bonn ó na hiarrachtaí a rinneadh ar leibhéal an Aontais i gcoinne dífhoraoisiú allmhairithe agus athrú indíreach ar úsáid talún, agus a mbeadh tionchar diúltach ar an gcomhshaol agus riosca méadaitheach maidir leis an tslándáil bia mar thoradh air.

Leanfaidh an Spáinn den obair chun go bhfreastalófar ar na hábhair imní sin sa téacs ar bhealach spriocdhírithe sna cruinnithe tríthaobhacha atá ar na bacáin le Parlaimint na hEorpa. Thairis sin, iarrann an Spáinn ar Uachtaránacht na Comhairle a áirithiú go mbeidh an téacs deiridh go hiomlán comhsheasmhach le prionsabail an phacáiste 'Oiriúnach do 55' ar a leagtar béim thuas. '